Eolas don Phobal

EirGrid.ie

EirGrid, an tUbhchruth
160 Bóthar Shíol Bhroin
D04 FW28

# Baile Átha Cliath á Chumhachtú

## Inse Chór go dtí An Poll Beag

Tá EirGrid freagrach as an eangach leictreachais in Éirinn. Lenár gcuid oibre, cuirtear cumhacht iontaofa ar fáil do gach úsáideoir agus sinn ar thús cadhnaíochta i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Cuireann an eangach leictreachas ar fáil dár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéal, agus feirmeacha.

**Táimid ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas faoin nuacht is déanaí maidir leis an Rogha Is Fearr Feidhmíochta don tionscadal athchurtha cábla faoi thalamh Inse Chór go dtí An Poll Beag, ar chuid é sin den tionscadal Baile Átha Cliath á Chumhachtú.**

De réir mar a théann bonneagar leictreachais Bhaile Átha Cliath in aois, is gá obair a dhéanamh anois chun bonneagar na cathrach a athrú ó bhonn agus a nuachóiriú ionas gur féidir le Baile Átha Cliath leanúint dá fhorbairt agus dá bhláthú, ag cur na cumhachta is gá ar fáil do líon méadaitheach tithe, do ghnólachtaí agus tionscail nua, do leictriú ár gcórais iompair agus do théamh ár gcuid tithe le réitigh fuinnimh níos glaine. Is clár ríthábhachtach é seo a neartóidh príomhbhonneagar leictreachais i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird, rud a chuideoidh le hÉirinn a dhéanamh 'réidh don fhuinneamh in-athnuaite'.

Is éard atá i gceist le Baile Átha Cliath a Chumhachtú ná 50km de cháblaí ardvoltais faoi thalamh a shuiteáil in ionad cáblaí níos sine ar fud Bhaile Átha Cliath agus an eangach a threisiú. Nascfaidh na cáblaí faoi thalamh sin na fostáisiúin leictreachais seo a leanas lena chéile:

- Fostáisiún Fhionnghlaise agus fostáisiún an Phoill Bhig (tríd an bPort Thuaidh)
- Fostáisiún Charraig Mhaighin agus fostáisiún an Phoill Bhig
- Dhá chábla a nascann fostáisiún Inse Chór agus fostáisiún an Phoill Bhig

Baineann an tionscadal freisin le huasghrádú fostáisiúin agus fostáisiún tarchurtha leictreachais nua a thógáil i lár Bhaile Átha Cliath.



## Cad a tharla go dtí seo?

In 2024, d'fhoilsigh EirGrid na Roghanna is Fearr Feidhmíochta le haghaidh dhá cheann de na bealaí – Fionnghlas go dtí An Poll Beag agus Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag. Chuidigh aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, chomh maith le rannpháirtíocht le scoileanna áitiúla, le hionadaithe poiblí, le grúpaí pobail, le grúpaí gnó, le soláthraithe fóntais, le daoine aonair agus le páirtithe leasmhara eile go mór leis na bealaí sin a chinneadh.

Is féidir teacht ar an nuacht is déanaí faoi dhul chun cinn na mbealaí seo ar ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/Dublin.

## An nuacht is déanaí faoin dul chun cinn

Cuireadh trí rogha don dá chábla is gá chun fostáisiún Inse Chór a cheangal leis an bPoll Beag i láthair le haghaidh aiseolais mar chuid den chomhairliúchán poiblí. In 2024, d'fhágamar ceann de na roghanna as an áireamh i ngeall ar fhionnachtain roinnt srianta suntasacha teicniúla comhshaoil agus staire.

Ó shin i leith, bhí EirGrid i mbun sraith de mheasúnuithe agus d'imscrúduithe láithreáin ar an dá rogha bhealaigh eile. Leis na suirbhéanna sin, sainaithníodh ceantair feadh na mbealaí nach féidir a thrasnú go praiticiúil gan cur isteach go mór ar na fóntais agus na seirbhísí atá ann cheana, agus ar an bpobal áitiúil.

## Cad atá ag tarlú anois?

I ndiaidh tuilleadh forbartha ar an dearadh agus tuilleadh rannpháirtíochta le conraitheoir tollánaithe a bhfuil taithí acu, tá an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíochta sainaitheanta ag EirGrid i gcás an dá chábla bunriachtanach seo mar mhicreatollán. Tá an tionscadal ag céim 4 de phróiseas sé chéim EirGrid maidir le forbairt eangaí i láthair na huaire.

Beidh an micreatollán idir 15 agus 60 méadar faoi bhun an dromchla, agus taistealóidh sé faoin gCanáil Mhór agus faoin ngréasán bóithre poiblí nuair is féidir. Beidh an dá chábla le fáil in aon mhicreathonnán amháin.

Tá tabhairt isteach an mhicreatolláin seo don bhonneagar bunriachtanach poiblí seo ar an gcéad uair go ndearnadh EirGrid teicneolaíocht den saghas seo a mholadh. Leis an tollán, éascófar trasnú an dá chábla le chéile ó fhostáisiún Inse Chór go dtí fostáisiún an Phoill Bhig. Leis an réiteach seo, tagann laghdú suntasach ar an gcur isteach ar an trácht agus feabhsaítear athléimneacht fhadtéarmach.

Is féidir amharc ar thuarascáil mhionsonraithe maidir leis an gcaoi ar thángthas ar an gcinneadh sin, agus an tuarascáil sin a íoslódáil, ar shuíomh gréasáin an tionscadail EirGrid.ie/Dublin.

## Céard é an chéad chéim eile?

Tá an bealach beartaithe fós á fhorbairt.
Táthar ag súil go dtaistealóidh an micreatollán ó Inse Chór faoin gCanáil Mhór nuair is féidir, agus ar aghaidh go Cuan Bhaile Átha Cliath. Déanfar líon na seaftaí tolláin agus na suíomhanna ina mbeidh siad a chinneadh de réir mar a dhéantar forbairt ar an dearadh.

Leanfaidh EirGrid agus a chuid comhpháirtithe dá measúnú ar an mbealach beartaithe agus dá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal chun an togra deiridh a chinneadh. Ansin, foilseoimid an bealach sin le haghaidh comhairliúcháin go luath in 2026, lena n-áirítear tuilleadh eolais ar shuíomhanna na seaftaí tolláin, amlínte an tionscadail agus mionsonraí ar na sonraíochtaí a bhaineann le tollán seirbhíse a thógáil.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/Dublin chun tuilleadh eolais a fháil.

Idir an dá linn, má tá aon cheist nó ábhar imní agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigigh Idirchaidrimh don Phobal:




### Liz Dillon
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982





### Stephen Quinn
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Stephen.Quinn2@EirGrid.com
087 001 8084


